Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán, Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr

Freagraí ar cheisteanna Pháipéar Samplach 1

Ceist 1 (40 marc)

Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge.

1. She should be grateful to you for returning her phone which she lost during the music festival.
   Ba cheart go mbeadh sí buíoch díot as an nguthán a thabhairt ar ais di a chaill sí le linn na féile ceoil.

2. The subcommittee will submit its findings to the County Council and the draft report will be published before the end of the tax year.
   Cuirfidh an fochoiste a thorthaí faoi bhráid na Comhairle Contae agus foilseofar an dréacht-tuarascáil roimh dheireadh na bliana cánach.

3. The two red cars, which were stolen in the middle of November, were found on the edge of Cork city.
   Fuarthas an dá charr dhearga, a goideadh i lár mhí na Samhna, ar imeall chathair Chorcaí.

4. People like Brian and Bríd understand the social needs of the local people.
   Tuigeann leithéidí Bhriain agus Bhríde riachtanais shóisialta mhuintir na háite.

5. The annual report of the housing committee stated that there was a significant increase in the number of homeless people in many poor areas.
   Dúradh/Maíodh i dtuarascáil bhliantúil an choiste tithíochta go raibh ardú suntasach sa líon daoine gan dídean in go leor ceantair bhochta.

6. Applicants with the necessary experience will be able to apply for the three positions advertised last week in the local paper.
   Beidh iarratasóirí a bhfuil an taithí chuí acu in ann cur isteach ar na trí phost a fógraíodh an tseachtain seo caite sa nuachtán áitiúil.

7. A man with a long beard and blue eyes was standing in front of the gates of the town hall.
   Bhí fear a raibh féasóg fhada air agus súile gorma aige ina sheasamh os comhair gheataí halla an bhaile.

© *Gaelchultúr 2014*

8. Thirteen soldiers were killed during the last days of the war and two civilians were badly injured.
   Maraíodh trí shaighdiúir déag le linn laethanta deiridh/deireanacha an chogaidh agus gortaíodh beirt sibhialtach go dona.

9. I put the sound files on the four blue CDs and gave them to the office manager's personal secretary.
   Chuir mé na comhaid fuaime ar na ceithre dhlúthdhiosca ghorma agus thug mé iad do rúnaí pearsanta bhainisteoir na hoifige.

10. She lived for sixteen months opposite the shopping centre, but she now lives on the edge of the city, beside the principal's house.
    Bhí sí ina cónaí ar feadh sé mhí dhéag os comhair an ionaid siopadóireachta, ach tá cónaí uirthi anois ar imeall na cathrach, in aice le teach an phríomhoide.

© Gaelchultúr 2014

Ceist 2 (20 marc)
Athraigh na focail idir lúibíní, más gá.

1. Chaith Máire agus Séamus roinnt blianta san Afraic, áit (a) (beir) an dara (iníon) dá gcuid.
áit ar rugadh
an dara hiníon

2. Bhuail na (údair) (cáiliúil) le moltóirí (na comórtais) (éagsúil) roimh an mbronnadh.
na húdair cháiliúla
na gcomórtas éagsúil

3. Caillfear go leor (poist) (maith) i gcomhlachtaí de chuid (an) (earnáil) (poiblí) sna blianta atá romhainn.
go leor poist mhaithe
de chuid na hearnála poiblí

4. Roghnaítear dhá ábhar as measc ocht (ceann) (déag) agus déantar staidéar ar an (dhá) ábhar sin ar feadh trí bliana.
ocht gcinn déag
an dá

5. Ní fios go fóill cathain (a) (tarlaigh) an timpiste nó cén fáth (a) (tarlaigh) sé.
cathain a tharla
cén fáth ar tharla

6. Dúradh sa tuarascáil (deireanach) go raibh praghas (carranna) (an soláthraí) (Rúiseach) ró-ard.
tuarascáil dheireanach
praghas charranna an tsoláthraí Rúisigh

7. Tá binse fiosraithe ag iarraidh teacht ar an bhfírinne i dtaobh a chuid (cuntais) (banc) agus na suimeanna (mór) (airgead) a fuair sé ó fhoinsí éagsúla le linn a thréimhse mar Thaoiseach.
a chuid cuntas bainc
suimeanna móra airgid

8. Beidh sí ansin ó (tús) (mí) (Bealtaine) go dtí lár (mí) (Nollaig).
ó thús mhí na Bealtaine
lár mhí na Nollag

9. Tá (droch) (cáil) ar an mbainisteoir mar gheall ar an drochíde a thugann sé (do) (a chuid) (fostaithe).
droch-cháil
dá chuid fostaithe

10. Léiríonn figiúirí (an) (Príomh) (Oifig) (Staidreamh) go bhfuil an ráta dífhostaíochta níos (íseal) ná mar a bhí riamh.
na Príomh-Oifige Staidrimh
ísle

© Gaelchultúr 2014

Ceist 3 (20 marc)

Bain amach na lúibíní agus athraigh na focail más gá. Tá uatha agus iolra i gceist i ngach cás.

Sampla: an (amhrán) (fada)
an t-amhrán fada
na (amhrán) (fada)
na hamhráin fhada

1.	an (léine) (gorm) na (léine) (gorm)	an léine ghorm na léinte gorma
2.	an (iris) (suimiúil) na (iris) (suimiúil)	an iris shuimiúil na hirisí suimiúla
3.	an (eastát) (tionsclaíocht) na (eastát) (tionsclaíocht)	an t-eastát tionsclaíochta na heastáit tionsclaíochta
4.	an (caibidil) (deireanach) na (caibidil) (deireanach)	an chaibidil dheireanach na caibidlí deireanacha
5.	an (laghdú) (suntasach) na (laghdú) (suntasach)	an laghdú suntasach na laghduithe suntasacha
6.	an (cófra) (folamh) na (cófra) (folamh)	an cófra folamh na cófraí folmha
7.	an (pictiúr) (breá) na (pictiúr) (breá)	an pictiúr breá na pictiúir bhreátha
8.	an (teaghlach) (cairdiúil) (Francach) na (teaghlach) (cairdiúil) (Francach)	an teaghlach cairdiúil Francach na teaghlaigh chairdiúla Fhrancacha
9.	an (seanbhean) (ramhar) na (seanbhean) (ramhar)	an tseanbhean ramhar na seanmhná ramhra
10.	an (irisleabhar) (tiubh) na (irisleabhar) (tiubh)	an t-irisleabhar tiubh na hirisleabhair thiubha

© Gaelchultúr 2014

Ceist 4 (10 marc)

Cuid A
Athraigh na focail idir lúibíní más gá.

Sampla: Bím ansin i gcónaí ó (Meitheamh) go (Meán Fómhair).
Bím ansin i gcónaí ó Mheitheamh go Meán Fómhair.

1. Chuaigh mé ansin gan (Peadar).
gan Peadar

2. Bhí idir dhaltaí agus (tuismitheoirí) i láthair ag an gceolchoirm.
agus tuismitheoirí

3. Chaith mé trí (seachtain) ansin.
trí seachtaine

4. Táthar ag súil go mbeidh go leor (post) san earnáil sin amach anseo.
go leor post

5. Ar bhuail tú le mo bheirt (deirfiúr) riamh?
mo bheirt deirfiúracha

Cuid B
Déan abairt amháin den dá chlásal i ngach cás thíos. Ná déan dearmad an phoncaíocht a chur isteach.

Sampla: Sin í an bhean + bhí sí anseo aréir
Sin í an bhean a bhí anseo aréir.

6. Cén chaoi + tagann sí abhaile
a dtagann

7. Sin í an bhean + bhí a fear céile sa timpiste
a raibh

Cuid C
Cuir an réamhfhocal ceart ar fáil chun gach abairt a chríochnú.

Sampla: *She's related to them.* Tá sí gaolta <u>leo</u>.

8. *They're sympathetic to me.* Tá siad báúil __. liom

9. *She's knowledgeable about it.* Tá sí eolach __. air

10. *The school is named after her.* Tá an scoil ainmnithe __. aisti

© Gaelchultúr 2014

Ceist 5 (10 marc)

Bain amach na lúibíní agus déan pé athrú is gá ar na focail thíos.

1. coordinating the company's activities
   ag comhordú (gníomhaíochtaí) (an chuideachta)
   ag comhordú ghníomhaíochtaí na cuideachta

2. the Cork team's manager
   bainisteoir (foireann) (Corcaigh)
   bainisteoir fhoireann Chorcaí

3. certificates and scholarships awards ceremony
   searmanas (bronnadh) (teastais) agus scoláireachtaí
   searmanas bronnta teastas agus scoláireachtaí

4. Síle's financial problems
   fadhbanna (airgeadas) (Síle)
   fadhbanna airgeadais Shíle

5. Athlone's sewerage treatment plant
   ionad (cóireáil) (séarachas) (Baile Átha Luain)
   ionad cóireála séarachais Bhaile Átha Luain

DEIREADH

© Gaelchultúr 2014